*Rúndiamhair an chreidimh:*
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséiri, nó go dtaga tú.**

***Deasghnáth na Comaoineach***

**Iarchomaoineach** *(Seasann)*
A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, a cheadaíonn do dhaoine ar talamh na nithe diaga a láimhseáil, deonaigh, impímid ort, go mbeidh dúthracht na deabhóide Críostaí dár dtarraingt go dtí an áit ina bhfuil ár substaint in éineacht leatsa. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## Fógra

Má tá fógra, nó Intinn Aifreann le cuir sa Nuachtlitir, ní mhór iad a bheidh istigh roimh 11.00r.n. Déardaoin.

**Míle Buíochas.**

### *Aifreann Ceiliúrtha*

Tá Scoil Éinne, an Spidéal **25 Bliain** ar an bhfód i mbliana., agus beidh Aifreann Ceiliúrtha anseo i gCill Éinde ar an
**19ú Meitheamh ag 1.00 i.n.**
Ba bhreá linn daoine a raibh baint acu leis an scoil thar na mblianta a fheiceáil ag an ceiliúradh linn.



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidirín gach Domhnach @ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Tuarastal an tSagairt don Cháisc ag teacht isteach anois.**

**Clúdaigh sna boscaí, & ar na boird do dhaoine gan bosca.**

**Míle Buíochas.**

**Más mian leat síntiús a thabhairt don bparóiste ar líne seo leanas uimhir cuntais.**

Cill Éinde (Paróiste) IBAN: IE81AIBK93740104660088 BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt) IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



# Paróiste An Spidéil
## *Domhnach Cincíse*
## 8 Meitheamh 2025


An tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie


| | | | ***Aifrinn & Intinní na*** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **Cill Éinde, An Spidéal** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 11.00r.n. | **Mattie Ó Céidigh Cinn Míosa** & a thuismitheoirí Seán & Áine agus a iníon Patricia *Bothúna*<br>**Michael Walsh (Breathnach) Cinn Míosa** *Bothúna*<br>Charlie Lennon **Céad Cuimneacháin** *Cnocán Glas*<br>Pádraig Ó Conghaile & a thuismitheoirí Micheál & Máire *Sidheán*<br>Michael & Delia Canavan *Glann, Uachtar Árd* |
| Dé Céadaoin | 11ú | 10.00r.n | Intinn Spesialta |
| Déardaoin | 12ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 13ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 11.00r.n. | Willie Ó Cualáin, a bhean Mary, bean a mhic Nóirín & muintir na beirte ar dad *Bóthar na hAbhann*<br>Eimear Clancy *Sidheán & Maynonty*<br>Mairéad & Peadar Ó Conchubhair *Leitir Meas*<br>Martin Patten 5ú Cuimhneacháin *Bothúna*<br>Coilín Ó Fátharta 4ú Cuimhneacháin . & Caitlín a fuair bás 25 Aibreán 2025. *Doire Lochán* |
| | | ⌖ | **Cill Treasa, Ros A' Mail** |
| Dé Sathairn | 7ú | 6.30i.n. | Kay Mc Keown **Céad Cuimneacháin** a fear céile Peter agus mac Brendan *Baile Láir, Ros a'Mhíl* |
| Dé Satharn | 14ú | 6.30i.n. | |
| | | ⌖ | **Cill Mhuire, Na Minna** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 9.30r.n. | Colm Ó Donnachadha *Cnoc Carrach, Minna* |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 9.30r.n. | |

**An Iontróid** – Eag 1:7

Líon Spiorad an Tiarna an domhan ar fad, agus é siúd ina bhfuil gach rud, is eol dó an guth, alleluia.

**Iomann na Tairsí** *(Aifreann na Ríochta)*

Fearaimis fáilte roimh Íosa Críost,
D'fhulaing is fuair bás thar ár gcionn-sa,
D'éirigh arís ar an triú lá.
Moladh go deo le Dia na glóire! (X2)

Fearaimis fáilte roimh an Spiorad Naomh,
A thuirling ó neamh ar na hAspail
Neartaigh an creideamh inár gcroí.
Moladh go deo le Dia na glóire! (X2)

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**An Chomhurnaí**

A Dhia a dhéanann, le sacraimint na féile seo inniu, d'Eaglais go léir i ngach cine agus náisiún a naomhú, scaip tabhartais an Spioraid Naoimh ar fud an domhain mhóir agus líon croíthe na gcreidmheach anois chomh maith le gach ar chuir an deonú diaga i gcrích nuair a bhí an Soiscéal á fhógairt ar dtús. Trínár dTiarna Íosa Críost, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 2:1-11*

Nuair a bhí laethanta na Cincíse comhlíonta, bhí siad uile i dteannta a chéile san aon áit amháin. Agus go tobann tháinig tormán ó neamh, mar ghaoth an-láidir ag teacht, agus líon sé iomlán an tí mar a raibh siad ina suí. Agus taispeánadh dóibh teangacha scoilte amhail de thine, agus shuigh ar gach aon neach acu. Agus líonadh leis an Spiorad Naomh iad uile, agus thosaigh siad uile ag labhairt le teangacha éagsúla, de réir mar a thug an Spiorad Naomh dóibh le labhairt.

Agus bhí Giúdaigh ina gcónaí i Iarúsailéim, fir chráifeacha as gach náisiún faoin spéir. Agus nuair a chuaigh a gháir seo amach, chruinnigh an slua i gceann a chéile, agus bhí a meabhair ina cíor thuathail acu, de bhrí gur chuala gach duine acu iad ag caint ina theanga féin. Agus bhí uafás agus iontas orthu uile, agus dúirt siad: 'Féach, nach Gailíligh iad seo uile atá ag caint. Agus cad é mar chualamar gach duine againn a theanga féin inar rugadh sinn? Páirtigh, agus Méidigh, Eilimítigh, agus muintir na Measpatáime, Iúdáia, na Capadóicia, an Phontais, agus na hÁise, na Frigia, agus na Paimfília, na hÉigipte, agus cheantar Libia thart faoin gCiréine, agus coimhthígh na Róimhe; Giúdaigh freisin, agus Comhaltaí nua, Créitigh, agus Arabaigh: chualamar iad ag labhairt inár dteangacha féin ar oibreacha iontacha Dé.'
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra – Sm 103**

*Fr: Cuir amach uait do Spiorad, a Thiarna, agus déan aghaidh na talún a athnuachan.*

1. Tabhair moladh don Tiarna, a anam liom!
A Thiarna Dia, is rómhór thú go dearfa.
Nach líonmhar iad d'oibreacha, a Thiarna!
Tá an chruinne lán dá bhfuil déanta agat. *(Fr)*

2. Má bhaineann tú an anáil díobh, éagann siad
agus casann siad ar an luaithreach arís.
Nuair a chuireann tú do spiorad uait, cruthaítear iad,
agus athnuann tú aghaidh na talún. *(Fr)*

3. Go maire glóir an Tiarna go brách!
Go bhfaighe an Tiarna lúcháir ina ndéanann sé!
Go mba thaitneamhach leis briathra mo bhéil,
óir is sa Tiarna a dhéanfaidh mé gairdeas. *(Fr)*

**An Dara Léacht** *1 Coir 12:3-7, 12-13*

*Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh*

A bhráithre, ní féidir le haon duine 'Is é Íosa an Tiarna' a rá, ach amháin tríd an Spiorad Naomh.

Anois is iomaí cineál bua atá ann, ach níl ann ach an Spiorad céanna; agus is iomaí cineál freastalachta atá ann, agus is é an Tiarna céanna é; agus is iomaí cineál gnímh atá ann, ach is é an Dia céanna a bhíonn ag oibriú gach ní i ngach uile chás. Tugtar foilsiú an Spioraid do gach duine faoi leith ar mhaithe le cách.

Faoi mar is aon ní amháin an corp, bíodh go bhfuil mórán ball ann, agus nach bhfuil sna baill go léir, bíodh go bhfuil mórán acu ann, ach an t-aon chorp amháin, sin mar atá ag Críost. Mar, san aon Spiorad amháin is ea a baisteadh isteach in aon chorp amháin sinn go léir, idir Ghiúdaigh is Ghréagaigh, idir dhaoir is saoir; agus tugadh an t-aon Spiorad amháin dúinn le hól.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Tar chugainn, a NaomhSpioraid, líon croí na gCríostaithe, agus adhain iontu lasair do ghrá.
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Eoin 20:19-23*

*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin*
**Glór duit, a Thiarna.**

Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: 'Síocháin daoibh!' Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Dúirt Íosa leo ansin arís:
'Síocháin daoibh!
Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise,
táimse do bhur gcursa uaim freisin.'
Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo:
'Glacaigí an Spiorad Naomh.
Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh,
beidh siad maite dóibh;
na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí,
beidh a bpeacaí coinnithe.'
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré:***

***Creidim* in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláít; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh, agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Ag Críost an síol** *(Veritas Hymnal/Foil:Veritas)*

Ag Críost an síol, ag Críost an fómhar,
In iothlainn Dé go dtugtar sinn.
Ag Críost an mhuir, ag Críost an t-iasc;
I líonta Dé go gcastar sinn.

**Os Cionn na nOfrálacha** *(Seasann)*

Impímid ort, a Thiarna, a dheonú go nochtfaidh an Spiorad Naomh rúndiamhair na híobartha seo níos fairsinge fós dúinn agus go ndéanfaidh sé eolas dúinn go ceansa chun an uile fhírinne, faoi mar a gheall do Mhac. Eisean a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol. **Amen.**

**Preafáid: Rúndiamhair na Cincíse**

*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Tógaigí bhur gcroíthe in airde.*
**Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna 'gainn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.**

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí:

Óir nuair a bhí sacraimint na Cásca á cur i gcrích agat, bhronn tú, ar an lá seo, an Spiorad Naomh ar an muintir a ndearna tú clann altrama díobh trí bheith i bpáirt le do Mhac; agus nuair a bhí an Eaglais á breith de chéaduair, bhronn an Spiorad sin eolas ar Dhia ar na ciníocha go léir agus d'aontaigh sé na teangacha uile, dá éagsúla iad, i ndearbhú an aon chreidimh.

Uime sin tá an saol mór ag déanamh gairdis ar fud an domhain le raidhse lúcháir Chásca. Agus tá na tiarnais agus na cumhachtaí Aingeal ag canadh duan do do ghlóir, á r rá gan stad:
**Is Naofa, Naofa, Naofa thú . . .**